**Imlitir 0038/2010**

# Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus an Fhoireann uile i Scoileanna Speisialta

# Eagair foirne agus ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## 1. Cuspóir na hImlitreach seo

Ba mhór ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) riamh an ranníocaíocht atá á déanamh ag na Scoileanna Speisialta chun leanúint ar aghaidh leis an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta uathu. Chuir an ROS fáilte roimh an obair a rinne go leor scoileanna speisialta chun a gcuid dualgas a leathnú amach agus chun daltaí a chlárú a mbíonn raon leathan de riachtanais oideachasúla speisialta uathu chun gá an chomhphobail a shásamh. Ar ndóigh, na fadhbanna a shainaithin an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) i leith an phrófíl a bhain leis an daonra daltaí agus i leith na ndáiltí teagaisc idirghaolmhara, léiríonn siad an riachtanas atá ann féachaint níos géire a dhéanamh ar na cleachtais chláraithe agus ar dháileadh na n- acmhainní.

Is é príomh-chuspóir na himliteach seo ná chun na ceisteanna maidir le clárú daltaí agus maidir leis na cóimheasa a bhaineann le foirniú múinteoirí i scoileanna speisialta a shainaithint. Tháinig a leithéid chun tosaigh nuair a rinne an CNOS Athbhreithniú le déanaí ar Chúntóirí um Riachtanais Speisialta (CRS). Cuimseoidh an cuspóir sin

- (i) an próiseas chun déileáil lena leithéid de cheisteanna don scoilbhliain 2011 / 2012 agus
- (ii) na heagair idirthréimhse a dhéanfar a fheidhmiú maidir leis na ceisteanna sin don scoilbhliain 2010 / 2011.

Dearbhaíonn sé, freisin, gurb í an CNOS an ghníomhaireacht atá freagrach as dáileadh na bpost teagaisc agus na bpost CRS ar Scoileanna Speisialta agus as comhairle a thabhairt ar dhúnghaois na n-acmhainní a bheidh i bhfeidhm ag an CNOS don scoilbhliain 2010 / 2011.

## 2. An Toradh ar Athbhreithniú na tacaíochta CRS i Scoileanna Speisialta

Mar is eol duit, rinne an CNOS athbhreithniú le déanaí ar na poist CRS uile ar son an ROS. De thoradh an athbhreithnithe sin, chuir an CNOS in iúl don ROS go raibh roinnt gnéithe ag cur as dóibh i líon scoileanna speisialta.

Orthu siúd bhí:

- Rinneadh roinnt daltaí a chlárú bíodh is nach raibh an riachtanas speisialta a bhí uathu inchurtha leis an aicme um riachtanas oideachasúil speisialta a ceadaíodh don scoil sin
- Rinneadh líon beag daltaí a chlárú i scoileanna speisialta agus gan tuarascáil ghairmiúil ag dul leo a léireodh go raibh riachtanas oideachasúil speisialta ag goilliúint orthu nó nach raibh moladh ghairmiúil ag dul leo le haghaidh socrúcháin i scoil speisialta.
- Rinneadh roinnt daltaí, arb Mionchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta iad, a chlárú gan a bheith soiléir go raibh riachtanas suntasach sa bhreis uathu. Féach alt 6.
- Uimhir na bpost i scoileanna le haghaidh múinteoirí níos líonmhaire ná mar ba chóir iad a bheith don leibhéal a bheadh iomchuí faoi láthair faoi na chóimheasa múinteora is dalta a bhain leis an haicmí daltaí a dearbhcláraíodh.

## 3. Déileáil leis na fadhbanna a sainaithníodh

Do bhuail an ROS agus an CNOS le déanaí le ionadaithe an *CPSMA*, *NABMSE*, *INTO* agus le Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunoideachas) chun na fadhbanna sin a phlé ar an tuiscint go bhféadfaí próiseas a chur i bhfeidhm anois chun na gnéithe ar leith a shoiléiriú ar mhodh comhoibrithe agus chun na heagair foirnithe iomchuí a shainaithint a chuirfear i bhfeidhm le héifeacht ón scoilbhliain 2011 / 2012. Bhíothas ar aon fhocal go ndéanfaidh na páirtithe déileáil leis na fadhbanna sin sna míonna romhainn.

## 4. An scoilbhliain 2010 / 2011 agus déileáil leis an CNOS

Déanfaidh an CNOS teagmháil leat i scríbhinn sar i bhfad chun na nósanna imeachta a bhainfidh le dáileadh múinteoirí agus le tacaíochtaí do na CRSanna don scoilbhliain 2010/2011 a chur in iúl duit. Agus na nósanna imeachta seo a bheith ar fáil, iarrtar ar scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Eagraí um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (EROS) chun na heagair a bhaineann leis an an bhfoirniú don scoilbhliain 2010/2011 a chur chun cinn um a luaithe.

Iarrann an ROS ar na húdaráis scoileanna uile dul i gcomhairle, i dtaobh na ceiste, leis an CNOS tráth nach déanaí ná 1 Meán Fómhair 2010 chun a dheimhniú go dtuigfear go hiomlán an cohórt daltaí a mholfaidh an scoil le haghaidh cláraithe sa todhchaí. Is féidir go mbeadh sé de dhualgas ar scoileanna dul i gcomhairle leis an bPátrún agus a

c(h)ead a fháil roimh ábhar plé a dhéanamh leis an CNOS. Idir an dá linn, tá socraithe déanta ag an ROS chun na heagair idirthréimhsiúla a chur i bhfeidhm a bheidh le feidhmiú ag an CNOS maidir le leibhéil foirnithe a chinneadh don scoilbhliain 2010 / 2011.

Chun go mbeadh leordhóthain uaine ar fáil chun an próiseas níos leithne a chomhlánú, cinnfidh an CNOS na leibhéil foirnithe don scoilbhliain 2010 / 2011. Beidh siad san bunaithe ar an bpróifíl nuashonraithe de riachtanais oideachasúla speisialta na ndaltaí atá cláraithe sa scoil. Ina leith sin, ba chóir do Scoileanna Speisialta na tuarascálacha gairmiúla, i leith na ndaltaí uile a bheidh ag clárú don scoilbhliain 2010 / 2011, a sholáthar ar an toirt don EROS.

Tá roinnt scoileanna ann ina bhfuil líon beag thar fóir de phoist mhúinteoireachta iontu. I gcás a leithéid de scoileanna, fad is a bheifear ag fanacht le toradh an phróisis, a rinneadh a lonnú ar na dreamanna ionadaíochta, tá an ROS sásta an CNOS a údarú gan post mhúinteoir ranga ar bith a chur faoi chois ach amháin sa chás go mbeidh múinteoirí ag tréigean a leithéid de phoist ar scoir. Ina theannta sin, ní féidir post mhúinteoir ranga a athshocrú de thoradh aistriú múinteora ar fáth ar bith eile ach amháin le cead an CNOS. Ar ndóigh, níl an faoiseamh sin ar fáil ach ar an gcoinníoll go mbeadh scoileanna toilteanach daltaí sa bhreis a chlárú de thoradh a bheith roghnaithe ag an EROS le linn na scoilbhliana – tá sé i gceist go mbeadh na riachtanais oideachasúla speisialta ag a leithéid de dhalta cosúil le riachtanais chohórt na ndaltaí faoi láthair sa scoil.

Tá líon beag scoileanna ann ina bhfuil na poist mhúinteora go mór thar fóir iontu agus is féidir go rachaidh an CNOS i gcomhairle leis na scoileanna sin chun na tosca ar leith i ngach scoil díobh a athbhreithniú.

Maidir le scoil ar bith a mbeidh áiteanna sa bhreis ar fáil inti, tuigtear go ndéanfaidh an scoil sin daltaí eile a chlárú a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chosúla uathu. Ní féidir leis an ROS an CNOS a údarú poist teagaisc sa bhreis a cheadú i scoil ar leith fad is a bheadh acmhainn chláraithe gan úsáid i scoil eile san limistéar céanna le haghaidh a leithéid de leanaí.

## 5. Daltaí gan measúnacht déanta ar a gcuid riachtanas oideachasúil speisialta

Is mian leis an ROE na scoileanna a chur in eolas faoi nach féidir leo dalta a chlárú i Scoil Speisialta mura mbeadh fianaise shoiléir ann ó mheasúnacht ghairmiúil a thaispeánfaidh go bhfuil riachtanas oideachasúil speisialta ag cur as don dalta sin. Cuirtear in iúl d'Údaráis Scoileanna nach mbeidh a leithéid de dhalta intofa le haghaidh teagaisc ná le haghaidh tacaíocht a fháil ó chúntóir um riachtanais speisialta, ná le haghaidh caipitíochta ná iompar scoile etc.

Ar ndóigh, níl sé i gceist ag an ROS go mbeadh ar dhaltaí, atá cláraithe faoi láthair, an scoil a thréigean ar an toirt má bhíonn tuismitheoiri / caomhnóiri agus na húdaráis scoileanna sásta go bhfuil an t-oideachas atá ar fáil iomchuí do riachtanas agus

d’inniúlacht an dalta. Dá bhrí sin, rinne an ROS an CNOS a údarú acmhainní foirnithe a sholáthar do a leithéid de dhalta atá cláraithe faoi láthair (an scoilbhliain 2009 / 2010) sa scoil. Ar ndóigh, dírítear ar údaráis scoileanna go gcaithfidh siad comhoibriú le tuismitheoiri agus le húdaráis ghnáthscoileanna ábhartha chun pleananna a chur i bhfeidhm go gasta chun a leithéid de dhaltaí a aistriú go rathúil diaidh ar ndiaidh chuig timpeallacht ghnáthscoile. Idir an dá linn, is féidir leis na daltaí fanacht ar na rollaí agus is féidir iad a chomhaireamh le haghaidh foirnithe agus caipitíochta.

**6. Daltaí a bhfuil Mionmhíchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta orthu**

Is mian leis ROS aird na n-údarás scoileanna a dhíriú ar Mhír 2 den Acht Oideachais 2004 dóibh siúd a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta uathu. Luann an tAcht:

> “Leanbh a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta uaidh/uaithi, déanfar an leanbh sin a theagasc i dtimpeallach chuimsitheach le leanaí nach bhfuil a leithéid de riachtanais uathu ach amháin sa chás go mbeadh cineál riachtanas an linbh sin neamhsheasmhach le a leithéid a dhéanamh ag cur san áireamh-
>
> (a) nach mbeadh sé chun leasa an linbh faoi mar ar cinneadh é de réir na measúnachta a rinneadh faoin Acht seo, nó
> (b) go gcuirfeadh sé isteach ar sholáthar éifeachtach an teagaisc do na daltaí a mbeidh an leanbh, a bheidh ag fáil oideachais, ina measc ”

Chun a dheimhniú go gcuirfear dúnghaoisí cuimsitheacha i bhfeidhm, dírítear aird na n-údarás bainistíochta scoileanna ar Imlitir 08/99 a dhéanann déileáil leis an tacaíocht do dhaltai a bhfuil Mionmhíchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta orthu. Cuireann an ROS i gcuimhne d’údaráis scoileanna go gcaithfidh moladh ar leith a bheith ann le haghaidh socrúcháin i Scoil Speisialta agus nach mór a leithéid a thacú le tuarascáil siceolaíochta a dhearbhaíonn, ní amháin go bhfuil Mionmhíchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta ar an dalta ach go bhfuil fadhb fhoghlamtha speisialta sa bhreis ag cur as dó freisin mar:

- “Mionsuaitheadh Mothúchánach a bhaineann le teipeanna seasmhacha sa ghnáthrang (ní fhéadfaí iompar réabtha ann féin a lua mar chúis le haghaidh shocrúchán i rang speisialta)
- Iompar Sóisialta Anabaí
- Leibhéal íseal maidir le forbairt theanga i gcomparáid leis an leibhéal intleachta ina iomláine.

Agus moladh á dhéanamh chun a leithéid de leanbh a lonnú i rang speisialta, ní mór a chur an áireamh, freisin, méid an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an leanbh san timpeallacht ina bhfuil sé/sí faoi láthair mar aon leis na tacaíochtai atá ar fáil don leanbh ina scoil fhéin.”

Sa chás go mbeadh socrúchán á éileamh do leanbh ar a bhfuil Mionmhíchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta i scoil speisialta, iarrtar ar údaráis bhainistíochta scoileanna a leithéid de gach uile éileamh a phlé leis an EROS. Déanfaidh an CNOS an foirniú a údarú do na daltaí sin a shásóidh na coinníollacha socrúcháin sa bhreis thuas.

## 7. Ról an CNOS maidir le acmhainní a chur ar fáil do Scoileanna Speisialta

Bunaíodh an CNOS mar dhream reachtúil neamhspleách chun a bheith freagrach as na gnéithe a leagadh amach sa Chomhairle Náisiúnta um Ordú (Bunaíocht) Oideachais Speisialta 2003. Agus an tOrdú sin a bheith i bhfeidhm, rinneadh stádas agus feidhmeanna an CNOS a leagadh amach san Acht Oideachais 2004 le haghaidh Daoine a mbeadh Riachtanais Oideachasúla Speisialta uathu.

Is í an ochairfheidhm a bhí ag an CNOS go nuige seo ná acmhainní a cheadú le haghaidh post teagaisc i ngnáthscoileanna agus poist CRSanna a cheadú de réir mar is gá leo chun cabhrú le gach scoil riachtanais na ndaltaí a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta uathu a shásamh.

Cuirtear in iúl anois d’Údaráis Bhainistíochta Scoileanna go mbeidh an CNOS freagrach as dáileadh agus as coinneáil múinteoirí ranga agus freagracht freisin as poist CRSanna i scoileanna speisialta a cheadú. Beidh éifeacht láithreach leis an bhfreagracht sin

## 8. Na Paraiméadracha Dúnghaoise a bhaineann le dáileadh post Teagaisc agus CRSanna i Scoileanna Speisialta

Déanfaidh an CNOS na poist um theagasc ranga agus na poist um CRS a dháileadh ar Scoileanna Speisialta de réir dhúnghaois dáilte an Aire maidir lena leithéid de phoist. Tá an dúnghaois chaighdeánach seo a bhaineann le dáileadh na bpost teagaisc agus na bpost SNAanna i Scoileanna Speisialta leagtha amach in Aguisín 1 atá faoi iamh. Ní beag an méid eolais atá ag an ROS agus ag an CNOS, araon, ar na riachtanais chasta a bhaineann le roinnt daltaí atá cláraithe i Scoileanna Speisialta agus a bhfuil míchumas ag cur as dóibh. Tá sé d’údarás ag an CNOS a leithéid de riachtanais a chur san áireamh mar aon le acmhainní, mar bhreis ar an gcaighdeán, a dháileadh de réir mar is gá leo. Tá sé i gceist ag an ROS a dheimhniú go gcuirfear i gcrích na dúnghaoisí sin ar mhodh seasmhach i ngach scoil.

Má bhíonn fiosrúcháin ar bith le déanamh agat maidir leis an imlitir seo, ar mhiste teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg um Oideachas Speisialta ar 090 648 3760/4093/3762/3758
Is féidir leat teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie

Teresa Griffin
Príomh-Oifigeach.
Bealtaine 2010

**Aguisín 1**

**Cóimheas Dalta is Múinteora is CRS – Scoileanna Speisialta / Ranganna Speisialta**

| **Míchumas** | **Cóimheas CRS i leith Rang-ghrúpa** | **Cóimheas Dalta is Múinteora** |
|---|---|---|
| Míchumas Coirp | 1:1 | 10:1 |
| Bac Cloisteála | 1:4 | 7:1 |
| Bac Amhairc | 1:4 | 8:1 |
| Suaitheadh Mothúchánach | 1:4 | 8:1 |
| Diansuaitheadh Mothúchánach | 1:1 | 6:1 |
| Mionmhíchumas Foghlamtha Imeallach Ginearálta | 1:4 | 11:1 |
| Meánmhíchumas Foghlamtha Ginearálta | 1:2 | 8:1 |
| Dianmhíchumas / Domhainmhíchumas Foghlamtha Ginearálta | 2:1 | 6:1 |
| Uathachas / Mí-oird Speictrim um Uathachas | 2:1 | 6:1 |
| Míchumas Foghlamtha ar Leith | --------- | 9:1 |
| Sainmhí-oird Urlabhra agus Teanga . | 3:1 | 7:1 |
| Ilmhíchumais | 1:1 | 6:1 |